Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 11 Meán Fómhair 2026
(OR. en)

13050/26

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2026/0262 (NLE)**

MAR 125
TRANS 545

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 10 Meán Fómhair 2026 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2026) 468 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh<br>CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE<br>maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Choiste Eorpach um ullmhú Caighdeán i réimse na Loingseoireachta Intíre (CESNI) agus sa Lárchoimisiún um Loingseoireacht ar an Réin (LCLR) maidir le glacadh an Chaighdeáin Eorpaigh lena leagtar síos Ceanglais Theicniúla le haghaidh soithí Loingseoireachta Intíre (ES-TRIN 2027/1), an Chaighdeáin Eorpaigh maidir le Seirbhísí Faisnéise Tráchta Abhann (ES-RIS 2027/1) agus dréachtleasaithe ar na Rialacháin maidir le Cigireacht ar Shoithí ar an Réin |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2026) 468 final.

---

Faoi iamh: COM(2026) 468 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 10.9.2026
COM(2026) 468 final

2026/0262 (NLE)

Togra le haghaidh

**CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Choiste Eorpach um ullmhú Caighdeán i réimse na Loingseoireachta Intíre (CESNI) agus sa Lárchoimisiún um Loingseoireacht ar an Réin (LCLR) maidir le glacadh an Chaighdeáin Eorpaigh lena leagtar síos Ceanglais Theicniúla le haghaidh soithí Loingseoireachta Intíre (ES-TRIN 2027/1), an Chaighdeáin Eorpaigh maidir le Seirbhísí Faisnéise Tráchta Abhann (ES-RIS 2027/1) agus dréachtleasaithe ar na Rialacháin maidir le Cigireacht ar Shoithí ar an Réin**


GA

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. ÁBHAR AN TOGRA

Baineann an togra seo leis an gcinneadh ón gComhairle lena mbunaítear an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais ag an gcruinniú den Choiste Eorpaigh um ullmhú caighdeán i réimse na Loingseoireachta Intíre ('CESNI') de chuid an Lárchoimisiúin um Loingseoireacht ar an Réin ('LCLR') an 15 Deireadh Fómhair 2026 agus ag seisiún iomlánach LCLR an 3 Nollaig 2026 nó ag aon chruinniú ina dhiaidh sin i ndáil leis an gCaighdeán Eorpach lena leagtar síos Ceanglais Theicniúla le haghaidh soithí Loingseoireachta Intíre (ES-TRIN 2027/1) agus an Caighdeán Eorpach maidir le Seirbhísí Faisnéise Tráchta Abhann (ES-RIS 2027/1), a bhfuil sé beartaithe iad a ghlacadh.

Bunaítear leis freisin seasamh an Aontais maidir le leasú ar na Rialacháin maidir le Cigireacht ar Shoithí ar an Réin atá le glacadh ag LCLR ag a chruinniú iomlánach an 3 Nollaig 2026 nó ag aon chruinniú ina dhiaidh sin, atá ceaptha chun córas na Réine a ailíniú le ceanglais Airteagal 19 de Threoir (AE) 2016/1629.

## 2. COMHTHÉACS AN TOGRA

### 2.1. LCLR agus CESNI

Is eagraíocht idirnáisiúnta é LCLR a bhfuil inniúlachtaí rialála aige maidir le cúrsaí loingseoireachta intíre ar an Réin. Is iad páirtithe conarthacha LCLR ceithre Bhallstát (an Bheilg, an Fhrainc, an Ghearmáin agus an Ísiltír) agus an Eilvéis. Níl comhalta de LCLR é an tAontas.

Leis an gCoinbhinsiún athbhreithnithe um Loingseoireacht na Réine, a síníodh an 17 Deireadh Fómhair 1868 in Mannheim, arna leasú an 20 Samhain 1963, agus a tháinig i bhfeidhm an 14 Aibreán 1967 (Coinbhinsiún Mannheim'), sainítear an creat dlíthiúil lena rialaítear úsáid na Réine mar uiscebhealach intíre le haghaidh loingseoireachta agus leagtar síos saintréithe LCLR. Leanann sé le córas na Réine a bunaíodh le Comhdháil Vín in 1815. Maidir le cinnteoireacht, tagann Ballstáit LCLR le chéile dhá uair sa bhliain i gcruinnithe iomlánacha. Tá vóta amháin ag gach Stát, agus is d'aon toil a dhéantar na cinntí. Tá na rúin sin ceangailteach ó thaobh dlí.

Coinníonn an tAontas agus LCLR comhar ar bun, atá bunaithe, *inter alia*, ar Chomhaontú Riaracháin an 22 Bealtaine 2013. Tá sé d'aidhm ag Comhaontú Riaracháin 2013 sineirgí a mhéadú agus gníomhaíochtaí an dá institiúid a dhéanamh níos comhlántaí agus a fhágáil go dtreiseoidh siad a chéile. Leathnaítear an comhar chun ceanglais theicniúla agus teicneolaíocht faisnéise a bhaineann le soithí uiscebhealaí intíre a chumhdach, chomh maith le nuachóiriú chreat dlíthiúil na gcáilíochtaí gairmiúla d'oibrithe i réimse na loingseoireachta intíre, i gcomhréir le forálacha an Chonartha ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE). Chomhaontaigh an dá institiúid sásra a bhunú chun caighdeáin a fhorbairt agus a ghlacadh ar féidir tagairt a dhéanamh dóibh i gcomhthreo ina gcreataí rialála féin. Leis an gcur chuige comhchuibhithe sin tá sé beartaithe a áirithiú go ndéanfar loingseoireacht intíre faoi na rialacha céanna ar fud uiscebhealaí intíre an Aontais agus LCLR araon.

Ina fhianaise sin, ghlac CCNR rún in 2015 lenar bunaíodh CESNI[1]. Sa mhisean atá ag CESNI áirítear caighdeáin theicniúla a ghlacadh i réimse na loingseoireachta intíre, go háirithe maidir

[1] Rún 2015-I-3, CC/R (15) 1, lch. 1.

le soithí, teicneolaíocht faisnéise agus criú, léiriú comhionann na gcaighdeán sin agus na nósanna imeachta comhfhreagracha, chomh maith le plé ar shábháilteacht na loingseoireachta, ar chosaint an chomhshaoil nó ar réimsí eile den loingseoireacht.

Tá CESNI comhdhéanta de shaineolaithe ó Bhallstáit LCLR agus ón Aontas, i.e. 27 mBallstát an Aontais agus an Eilvéis. Tá cearta vótála ag Ballstáit LCLR agus an Aontais ar bhonn vóta amháin in aghaidh an Stáit. Féadfaidh an tAontas, a ndéanfaidh an Coimisiún Eorpach ionadaíocht thar a cheann – cosúil le heagraíochtaí idirnáisiúnta eile a gcumhdaítear lena misean na réimsí lena mbaineann – páirt a ghlacadh in obair CESNI gan cearta vótála a bheith aige.

Tá an creat dlíthiúil seo a leanas a bhfuil ábharthacht ar leith ag baint leis maidir leis an gcinneadh seo bunaithe ag an Aontas agus ag LCLR faoi seach: (i) ceanglais theicniúla le haghaidh soithí uiscebhealaí intíre, trí Threoir (AE) 2016/1629[2] le haghaidh an Aontais, agus na Rialacháin maidir le Cigireacht ar Shoithí ar an Réin le haghaidh CCNR agus (ii) seirbhísí faisnéise tráchta abhann ('RIS'), trí Threoir 2005/44/CE[3], arna leasú le Treoir (AE) 2025/2482 le haghaidh an Aontais, agus na Rialacháin maidir le Cigireacht ar Shoithí ar an Réin agus Rialacháin na bPóilíní maidir le Loingseoireacht ar an Réin i ndáil le Loingseoireacht ar an Réin.

Maidir leis na ceanglais theicniúla le haghaidh soithí uiscebhealaí intíre, tagraíonn an dá chóras dlí do chaighdeáin CESNI - Caighdeán Eorpach lena leagtar síos Ceanglais Theicniúla le haghaidh soithí Loingseoireachta Intíre (ES-TRIN).

Maidir le seirbhísí faisnéise tráchta abhann, ionchorpraíodh an Caighdeán Eorpach maidir le Seirbhísí Faisnéise Tráchta Abhann (ES-RIS) i gcreat dlíthiúil an Aontais trí bhíthin Threoir (AE) 2025/2482 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Samhain 2025 lena leasaítear Treoir 2005/44/CE maidir le seirbhísí faisnéise tráchta abhann comhchuibhithe ar uiscebhealaí intíre sa Chomhphobal[4], agus go háirithe in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Treoir sin. Dá bhrí sin, áirítear ES-RIS faoi láthair i gcreat dlíthiúil an Aontais trí Threoir 2005/44/CE arna leasú le Treoir (AE) 2025/2482.

Déantar foráil freisin maidir leis an tagairt don leagan is déanaí de ES-TRIN agus ES-RIS sna Rialacháin LCLR ábhartha a bhfuil na Rialacháin maidir le Cigireacht ar Shoithí ar an Réin agus Rialacháin na bPóilíní maidir le Loingseoireacht ar an Réin ina gcodanna díobh.

## 2.2. Na gníomhartha atá beartaithe ag CESNI agus LCLR

### *2.2.1. Cruinniú an 15 Deireadh Fómhair 2026*

Ag an gcruinniú a bheidh ag CESNI an 15 Deireadh Fómhair 2026, tá sé le heagrán nua de Chaighdeán Eorpach a ghlacadh lena leagtar síos Ceanglais Theicniúla le haghaidh soithí Loingseoireachta Intíre (ES-TRIN 2027/1), agus tá sé le heagrán nua den Chaighdeán Eorpach maidir le Seirbhísí Faisnéise Tráchta Abhann (ES-RIS 2027/1) a ghlacadh.

*I ndáil le ceanglais theicniúla le haghaidh soithí uiscebhealaí intíre (ES-TRIN):*

2 Treoir (AE) 2016/1629 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Meán Fómhair 2016 lena leagtar síos ceanglais theicniúla le haghaidh soithí uiscebhealaí intíre, lena leasaítear Treoir 2009/100/CE agus lena n-aisghairtear Treoir 2006/87/CE (IO L 252, 16.9.2016, lch. 118, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2016/1629/oj).

3 Treoir 2005/44/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 7 Meán Fómhair 2005 maidir le seirbhísí faisnéise tráchta abhann (RIS) comhchuibhithe ar uiscebhealaí intíre sa Chomhphobal (IO L 255, 30.9.2005, lch. 152, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2005/44/oj).

4 IO L, 2025/2482, 12.12.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2025/2482/oj.

An chéad leagan de ES-TRIN (ES-TRIN 2015/1), rinne CESNI é a thabhairt i gcrích ag an gcruinniú a bhí aige an 28 Meán Fómhair 2015. Ghlac cruinniú iomlánach CESNI go foirmiúil é ag an gcruinniú a bhí aige an 26 Samhain 2015.

An ES-TRIN a glacadh i mí na Samhna 2015, rinne CESNI é a leasú roinnt uaireanta ina dhiaidh sin ar bhonn na hoibre a rinne meithleacha CESNI. Go háirithe, glacadh na heagráin seo a leanas de ES-TRIN:

1. Caighdeán ES-TRIN 2017/1 an 6 Iúil 2017
2. Caighdeán ES-TRIN 2019/1 an 8 Samhain 2018
3. Caighdeán ES-TRIN 2021/1 an 13 Deireadh Fómhair 2020
4. Caighdeán ES-TRIN 2023/1 an 13 Deireadh Fómhair 2022
5. Caighdeán ES-TRIN 2025/1 an 17 Deireadh Fómhair 2024

Tá gá le ES TRIN a thabhairt cothrom le dáta go tráthrialta ar mhaithe leis an méid seo a leanas:

- ardleibhéal na sábháilteachta sa loingseoireacht intíre a choinneáil ar bun;
- an éabhlóid theicniúil a leanúint (e.g. córais comhraic dóiteáin, trealamh loingseoireachta); agus
- comhoiriúnacht le creat dlíthiúil an Aontais a áirithiú.

In 2025 agus 2026, d'ullmhaigh saineolaithe CESNI an t-eagrán nua de ES-TRIN, ES-TRIN 2027/1.

Ionchorprófar leasuithe éagsúla in ES-TRIN 2027/1 maidir leis na réimsí seo a leanas:

- Breoslaí íseal-splancphointe, go háirithe stóráil agus úsáid hidrigine gasaí;
- Cúntóirí Riantreoraíochta le haghaidh Loingseoireacht Intíre (CRTLI), córais faireacháin feasachta, agus atheagrú forálacha maidir le trealamh loingseoireachta agus faisnéise (Iarscríbhinn 5 a ghabhann le ES-TRIN 2027/1);
- Trealamh leictreonach, agus córais agus gréasáin;
- Tábla aonair d'fhorálacha idirthréimhseacha;
- Forálacha idirthréimhseacha maidir le córais tiomána leictrí agus córas píobánra dhéchumhdaithe;
- Múchtóirí dóiteáin cúir spraeála;
- Tagairtí do ES-RIS 2027/1 agus do chaighdeáin idirnáisiúnta a thabhairt cothrom le dáta; agus
- Ceartúcháin eagarthóireachta.

Ag an gcruinniú a bhí ag CESNI an 16 Aibreán 2026, chinn sé go ndéanfadh sé glacadh ES-TRIN 2027/1 a sceidealú ag an gcruinniú an 15 Deireadh Fómhair 2026. Tá coinne leis nach ndéanfar ach mionathruithe neamhshubstainteacha ar an dréachtchaighdeán roimh an gcruinniú sin a bheidh ann an 15 Deireadh Fómhair 2026. Foilseofar ES-TRIN 2027/1 trí bhíthin suíomh gréasáin tiomnaithe (cesni.eu).

De bhun Threoir (AE) 2016/1629, ba cheart ES-TRIN 2027/1 a ionchorprú i ndlí an Aontais. Tá tagairtí don chaighdeán atá glactha ag CESNI in Iarscríbhinn II a ghabhann le Treoir (AE) 2016/1629. De bhun Airteagal 31(1) den Treoir sin glacfaidh an Coimisiún gníomhartha tarmligthe chun Iarscríbhinn II a oiriúnú ar mhaithe leis an tagairt don leagan is déanaí de chaighdeán ES-TRIN a thabhairt cothrom le dáta, gan moill mhíchuí, agus ar mhaithe le dáta chur i bhfeidhm an leagain sin a shocrú.

Faoi láthair, tagraíonn Iarscríbhinn II a ghabhann le Treoir (AE) 2016/1629 do ES-TRIN 2025/1. Le hAirteagal 9 de Rialacha Nós Imeachta CESNI ní cheadaítear caighdeáin a ghlacadh go dtí go mbeidh cinneadh i gcomhréir le hAirteagal 218(9) CFAE ar fáil i scríbhinn.

*I ndáil le RIS (ES-RIS):*

Ghlac CESNI an chéad leagan de ES-RIS (ES-RIS, Eagrán 2021/1) go foirmiúil an 15 Aibreán 2021. Ghlac CESNI na caighdeáin leasaithe ES-RIS 2023/1 an 13 Deireadh Fómhair 2022 agus ES-RIS 2025/1 an 17 Deireadh Fómhair 2024.
Le linn 2025 agus 2026, d'ullmhaigh saineolaithe CESNI an t-eagrán nua de ES-RIS, ES-RIS 2027/1.

Beidh na hathruithe móra seo a leanas ón eagrán roimhe seo san ES-RIS 2027/1 sin:

- Ceanglais agus tástálacha maidir le húsáid TGAIN a chur isteach i gCodanna I agus V;
- Athstruchtúrú theachtaireachtaí PAXLST agus ERIRSP sna hiarscríbhinní a ghabhann le Cuid III;
- An caighdeán tástála le haghaidh ASManna i gCuid V;
- Cóid nua a chur isteach le haghaidh fógraí do scipéirí, chomh maith le hÚcráinis a chur isteach le haghaidh na gcód sin, i gCuid IV.

Ina theannta sin, ionchorpraíodh mionmhodhnuithe áirithe, nó modhnuithe níos teicniúla, in ES-RIS 2027/1 chun forbairtí teicniúla agus riachtanais na dtoscaireachtaí agus na n-úsáideoirí a chur san áireamh.

Ag an gcruinniú a bhí ag CESNI an 16 Aibreán 2026, chinn sé go ndéanfadh sé glacadh ES-RIS 2027/1 a sceidealú ag an gcruinniú an 15 Deireadh Fómhair 2026. Tá coinne leis nach ndéanfar ach mionathruithe neamhshubstainteacha ar an dréachtchaighdeán roimh an gcruinniú sin a bheidh ann an 15 Deireadh Fómhair 2026. Foilseofar ES-RIS 2027/1 trí bhíthin suíomh gréasáin tiomnaithe (cesni.eu).

I gcomhréir le Treoir 2005/44/CE, arna leasú le Treoir (AE) 2025/2482, beidh caighdeán ES-RIS ina chuid de dhlí an Aontais. I gcomhréir le hIarscríbhinn III chun Treoir 2005/44/CE a leasú, is iad na sonraíochtaí teicniúla a leagtar amach san eagrán is déanaí den Chaighdeán Eorpach maidir le Seirbhísí Faisnéise Tráchta Abhann (ES-RIS) arna ghlacadh ag CESNI na sonraíochtaí teicniúla is infheidhme maidir le seirbhísí faisnéise tráchta abhann.

Glacfaidh LCLR rún lena leasófar Rialacháin LCLR chun tagairt do ES-RIS 2027/1 a áireamh.

Ós rud é go bhfuil tagairtí do ES-RIS 2027/1 in ES-TRIN 2027/1, tá sé tábhachtach go nglacfaidh CESNI an dá chaighdeán ag an gcruinniú a bheidh aige an 15 Deireadh Fómhair 2026. Ar an gcúis chéanna, ní mór an dá chaighdeán a bheith infheidhme freisin ón dáta céanna – an 1 Eanáir 2028.

*2.2.2. Cruinniú an 3 Nollaig 2026*

*ES-TRIN 2027/1 agus ES-RIS 2027/1*

I bhfianaise go bhfuil ES-TRIN agus ES-RIS le tabhairt cothrom le dáta, chuir LCLR an Coimisiún ar an eolas go bhfuil sé ar intinn aige rúin a ghlacadh ag an gcruinniú iomlánach a bheidh aige an 3 Nollaig 2026 lena leasófar Rialacháin ábhartha LCLR. Leis na leasuithe, tabharfar cothrom le dáta go háirithe na tagairtí do ES-TRIN 2027/1 sna Rialacháin maidir le Cigireacht ar Shoithí ar an Réin. Ina theannta sin, ní mór na Rialacháin maidir le Cigireacht ar Shoithí ar an Réin agus Rialacháin na bPóilíní maidir le Loingseoireacht ar an Réin araon, arb iad Rialacháin na bPóilíní rialacha tráchta don Réin iad, a leasú go háirithe chun ES-RIS 2027/1 a thabhairt isteach.
Dearbhóidh dlí an Aontais agus Rialacháin LCLR araon caighdeáin CESNI infheidhme ón 1 Eanáir 2028, rud a choinneoidh creat dlíthiúil aonfhoirmeach ar bun ar fud an Aontais agus na rialacha lena rialaítear an Réin.

*An Bunachar Sonraí Eorpach maidir le Cabhlacha (‘BSEC’)*

Chuir LCLR an Coimisiún ar an eolas freisin go bhfuil sé ar intinn aige leasú ar na Rialacháin maidir le Cigireacht ar Shoithí ar an Réin a ghlacadh ag an gcruinniú iomlánach a bheidh aige an 3 Nollaig 2026 nó ag aon chruinniú ina dhiaidh sin, ar leasú é atá ceaptha chun córas na Réine a ailíniú le ceanglais Airteagal 19 de Threoir (AE) 2016/1629.

I gcomhréir le hAirteagal 19 de Threoir (AE) 2016/1629, coinneoidh an Coimisiún BSEC ar bun chun tacú le bearta riaracháin arb é is aidhm dóibh sábháilteacht a áirithiú agus loingseoireacht a éascú, agus chun cur i bhfeidhm éifeachtach na Treorach sin a áirithiú. Ó bhí 2025 ann, tá an leagan nua den bhunachar sonraí (BSEC2) go hiomlán oibríochtúil.

De bhun Airteagal 19(2) de Threoir (AE) 2016/1629, áiritheoidh na Ballstáit go gcuirfidh na húdaráis inniúla isteach in BSEC, le haghaidh gach árthaigh, faisnéis lena n-áirítear an mhéid seo a leanas: (i) na sonraí lena sainaithnítear agus lena dtugtar tuairisc ar an árthach; (ii) sonraí a bhaineann le deimhnithe arna n-eisiúint, arna n-athnuachan, arna n-athsholáthar nó arna dtarraingt siar; agus (iii) cóip dhigiteach de na deimhnithe uile a d’eisigh údaráis inniúla i gcomhréir leis an Treoir seo.

Chun úsáid iomlán agus éifeachtach BSEC2 a áirithiú, is gá foráil a dhéanamh freisin maidir le sonraí comhfhreagracha a iontráil sa bhunachar sonraí i ndáil le soithí a bhfuil deimhnithe acu arna n-eisiúint i gcomhréir le creat rialála na Réine.

Dá bhrí sin, tá an leasú ar na Rialacháin maidir le Cigireacht ar Shoithí ar an Réin ceaptha chun córas na Réine a ailíniú le ceanglais Airteagal 19 de Threoir (AE) 2016/1629. Déanfar foráil leis an leasú sin maidir leis na sonraí aitheantais, mar a shainmhínítear sa Treoir, a bhaineann le soithí a bhfuil Deimhniú Cigireachta do Shoithí ar an Réin acu a tharchur chuig BSEC. Áiritheofar le hailíniú leanúnach na gceanglas maidir le tarchur sonraí go mbeidh faisnéis in BSEC a bhaineann le níos mó ná leath de chabhlach uiscebhealaí intíre na hEorpa. Tá an t-ailíniú sin, lena léirítear an dlúthchomhar idir an tAontas agus LCLR, beartaithe freisin chun ardleibhéal comhchuibhithe a choinneáil ar bun idir na creataí rialála lena mbaineann, agus aitheantas frithpháirteach dheimhnithe an Aontais agus dheimhnithe na Réine á chur san áireamh.

Is é seo a leanas an dréachtleasú ar na Rialacháin maidir le Cigireacht ar Shoithí ar an Réin:

« Article 2.19 Base de données européenne sur les bateaux

6. La collecte, le traitement et l'accès aux données conservées dans la base de données européenne des bateaux (EHDB) visée à l'article 19 de la directive (UE) 2016/1629, ainsi que les types d'accès autorisés et les instructions concernant l'utilisation et le fonctionnement de la base de données, sont effectués conformément au règlement délégué de la Commission (UE) 2020/474. »

Beidh roinnt buntáistí ag baint le soithí na Rialachán maidir le Cigireacht ar Shoithí ar an Réin a áireamh in BSEC, lena n-áirítear:

(1) Rochtain níos éasca ar shonraí soithí: Beidh rochtain níos éasca ag údaráis náisiúnta an Aontais ar shonraí soithí, rud a éascóidh a gcuid oibre agus a chuirfidh feabhas ar éifeachtúlacht a ngníomhaíochtaí cigireachta agus faireacháin.

(2) Sábháilteacht mhéadaithe na loingseoireachta: Trí rochtain a bheith acu ar thacar sonraí cuimsitheach comhchuibhithe, is fearr a bheidh na húdaráis in ann rioscaí sábháilteachta a d'fhéadfadh a bheith ann a shainaithint agus a mhaolú, rud a mhéadóidh sábháilteacht na loingseoireachta ar an Réin ar deireadh.

### 2.3. An seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais

Baineann an seasamh atá beartaithe ag an Aontas ar an gcéad dul síos le caighdeáin a bhaineann le ceanglais theicniúla le haghaidh soithí uiscebhealaí intíre agus seirbhísí faisnéise tráchta abhann a bheith á nglacadh ag CESNI chomh maith le cinntí a bheith á nglacadh ag LCLR lena ndéantar a chreat rialála a ailíniú le dlí comhfhreagrach an Aontais trí chaighdeáin CESNI a áireamh ina chreat rialála. Ar an dara dul síos, baineann an seasamh atá beartaithe ag an Aontas le creat rialála LCLR a oiriúnú d'Airteagal 19 de Threoir (AE) 2016/1629. Sa dá chás, is é an cuspóir atá ann a áirithiú go ndéanfar an creat dlíthiúil lena rialaítear loingseoireacht intíre san Aontas Eorpach agus córas na Réine a thabhairt cothrom le dáta go leanúnach agus go comhchuibhithe.

Is gné athfhillteach de chreat rialála an Aontais maidir le loingseoireacht intíre é caighdeáin CESNI a ghlacadh. Le Treoir (AE) 2016/1629 chomh maith le Treoir 2005/44/CE, arna leasú le Treoir (AE) 2025/2482, déantar foráil maidir le tagairtí do na caighdeáin CESNI is déanaí, rud a áirithíonn go bhfuil na ceanglais theicniúla is infheidhme maidir le soithí uiscebhealaí intíre agus ceanglais RIS fós cothrom le dáta agus go léirítear leo forbairtí teicneolaíochta agus taithí oibríochtúil. Tá bunú CESNI curtha chun cinn go gníomhach ag an Aontas mar an comhlacht comhchoiteann Eorpach um chaighdeáin a leagan síos le haghaidh loingseoireacht intíre. Glacann an Coimisiún páirt in obair CESNI, agus is saineolaithe ó Bhallstáit an Aontais agus LCLR a fhorbraíonn na caighdeáin i gcomhréir leis na cuspóirí beartais agus na tosaíochtaí reachtacha arna mbunú ag an Aontas. Glacann na Stáit rannpháirteacha, is iad sin Ballstáit an Aontais agus an Eilvéis, cinntí laistigh de CESNI d'aon toil, lena n-áirithítear go bhforbraítear na caighdeáin ar bhonn comhdhearcadh leathan agus go mbreithnítear na leasanna ábhartha uile. Thángthas ar an gcomhthoil leathan sin ar leibhéal na fo-oibre agus ní mór í a chur ar bhonn foirmiúil ag seisiún iomlánach CESNI.

Ar an gcaoi chéanna, le hailíniú tráthrialta chreat rialála LCLR maidir le ceanglais theicniúla le haghaidh soithí agus seirbhísí faisnéise tráchta abhann le dlí an Aontais, comhlíontar an cuspóir coiteann córas dlí aonfhoirmeach a choinneáil ar bun le haghaidh na loingseoireachta intíre ar an Réin agus ar fud ghréasán idirnasctha uiscebhealaí intíre na hEorpa. Áirithítear le hailíniú den sórt sin go mbeidh soithí a oibríonn faoi Rialacháin LCLR faoi réir ceanglais atá coibhéiseach leis na ceanglais is infheidhme faoi dhlí an Aontais agus *vice versa* agus éascaítear idir-inoibritheacht na gcóras riaracháin agus teicniúil leis.

Thairis sin, le comhtháthú beartaithe soithí atá deimhnithe faoi na Rialacháin maidir le Cigireacht ar Shoithí ar an Réin in BSEC, éascófar rochtain na mBallstát neamh-LCLR ar fhaisnéis faoi shoithí agus, ar an gcaoi sin, rannchuideofar le sábháilteacht agus éifeachtúlacht na loingseoireachta intíre. Ar an gcaoi chéanna, cinntí LCLR nach ndéanann ach a rialacháin a ailíniú le reachtaíocht chomhfhreagrach an Aontais, glacann na Ballstáit a bhfuil ionadaíocht acu in LCLR agus san Eilvéis iad d'aon toil.

Dá bhrí sin, ba cheart gurb é an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais tacú le glacadh beartaithe an Chaighdeáin Eorpaigh lena leagtar síos Ceanglais Theicniúla le haghaidh soithí Loingseoireachta Intíre (ES-TRIN 2027/1) agus an Chaighdeáin Eorpaigh maidir le Seirbhísí Faisnéise Tráchta Abhann (ES-RIS 2027/1), chomh maith leis an leasú ábhartha ar Rialacháin LCLR atá le glacadh ag LCLR. Thairis sin, ba cheart tacú leis an leasú ar na Rialacháin maidir le Cigireacht ar Shoithí ar an Réin chun soithí a oibríonn faoi na Rialacháin maidir le Cigireacht ar Shoithí ar an Réin a áireamh in BSEC.

Tá an seasamh atá beartaithe go hiomlán comhsheasmhach le beartas an Aontais maidir le hiompar uiscebhealaí intíre agus rannchuidíonn sé leis na cuspóirí ardleibhéal sábháilteachta a áirithiú, digiteáil agus idir-inoibritheacht na loingseoireachta intíre a chur chun cinn, saorghluaiseacht soithí a éascú agus cothrom iomaíochta a choinneáil ar bun ar fud ghréasán uiscebhealaí intíre na hEorpa. Tá sé comhsheasmhach le Treoir (AE) 2016/1629 agus le Treoir 2005/44/CE, arna leasú le Treoir (AE) 2025/2482.

Tá gá le seasamh ón Aontas toisc gur dócha go ndéanfaidh na caighdeáin arna nglacadh ag CESNI agus na cinntí comhfhreagracha maidir le hailíniú arna nglacadh ag LCLR difear do rialacha coiteanna an Aontais nó go n-athróidh siad a raon feidhme de réir bhrí an choir dheireanaigh d'Airteagal 3(2) CFAE.

Le hAirteagal 31(1) de Threoir (AE) 2016/1629 agus le hIarscríbhinn III a ghabhann le Treoir leasaithe 2005/44/CE, déantar foráil maidir leis an tagairt do na heagráin is déanaí de chaighdeán ábhartha CESNI. Mar sin, beidh tionchar díreach ag an gcinneadh in CESNI ar na treoracha thuasluaite. Le hailíniú na Rialachán maidir le Cigireacht ar Shoithí ar an Réin le hAirteagal 19 de Threoir (AE) 2016/1629 leathnaítear na soithí atá le clárú in BSEC.

### 2.4. Bunús dlí don nós imeachta

Is comhlacht é CESNI a bunaíodh mar chomhlacht um chaighdeánú faoi choimirce LCLR, ar eagraíocht idirnáisiúnta é atá bunaithe ar Choinbhinsiún Mannheim.

Beidh éifeachtaí dlíthiúla don Aontas ag ES-TRIN 2027/1 agus ES-RIS 2027/1 a iarrtar ar CESNI a ghlacadh faoi Choinbhinsiún Mannheim. Féadfaidh na gníomhartha atá beartaithe tionchar cinntitheach a imirt ar ábhar reachtaíocht an Aontais Eorpaigh, mar atá: Treoir (AE) 2016/1629 agus Treoir 2005/44/CE, arna leasú le Treoir (AE) 2025/2482. Is amhlaidh atá toisc go ndéanann Airteagal 31(1) de Threoir (AE) 2016/1629 agus Iarscríbhinn III a ghabhann le Treoir leasaithe 2005/44/CE foráil maidir leis an tagairt do na heagráin is déanaí de chaighdeán ábhartha CESNI. Mar sin de, beidh tionchar díreach ag glacadh chaighdeáin ES-TRIN 2027/1 agus ES-RIS 2027/1 in CESNI ar na treoracha thuasluaite, ós rud é gurb iad na caighdeáin sin na caighdeáin is déanaí.

Beidh éifeacht dhlíthiúil ag glacadh ES-TRIN 2027/1 agus ES-RIS 2027/1, a n-iarrtar ar LCLR iad a ghlacadh faoi Choinbhinsiún Mannheim, don Aontas freisin toisc go mbeidh siad ceangailteach faoin dlí idirnáisiúnta i gcomhréir le hAirteagal 23 de Choinbhinsiún Mannheim agus toisc go bhféadfaidís tionchar cinntitheach a imirt ar ábhar na dtreoracha thuasluaite. Go háirithe, soithí atá deimhnithe faoi na Rialacháin maidir le Cigireacht ar Shoithí ar an Réin, tá siad i dteideal loingseoireacht a dhéanamh ar uiscebhealaí intíre an Aontais de bhun Airteagal

7 de Threoir (AE) 2016/1629. Tá aitheantas na ndeimhnithe soithigh arna n-eisiúint faoi na Rialacháin maidir le Cigireacht ar Shoithí ar an Réin bunaithe ar an mbonn go gcomhlíonann na soithí sin ceanglais theicniúla atá coibhéiseach leis na ceanglais sin a leagtar síos i ndlí an Aontais (féach Aithris 5 de Threoir (AE) 2016/1629). Dá réir sin, mura nglacfadh LCLR ES-TRIN 2027/1, bhainfí an bonn de chuspóir Threoir (AE) 2016/1629 maidir le creat teicniúil coiteann a choinneáil ar bun le haghaidh loingseoireacht intíre. Thairis sin, na Ballstáit ar páirtithe conarthacha in LCLR freisin iad, bheidís faoi réir oibleagáidí dlíthiúla éagsúla faoi dhlí an Aontais agus faoi chreat dlíthiúil LCLR.

Ar an gcaoi chéanna, rialaítear bunú agus oibriú Seirbhísí Faisnéise Tráchta Abhann (RIS) faoi chreat LCLR leis na Rialacháin maidir le Cigireacht ar Shoithí ar an Réin agus le Rialachán na bPóilíní maidir le Loingseoireacht ar an Réin. Ceanglaítear le hAirteagal 1 de Threoir 2005/44/CE leasaithe, áfach, seirbhísí faisnéise tráchta abhann comhchuibhithe a chur in úsáid ar fud an Aontais. Dá bhrí sin, dá mbeadh caighdeáin theicniúla éagsúla ann maidir le seirbhísí faisnéise tráchta abhann faoi chóras na Réine, bhainfí an bonn den chuspóir seirbhísí faisnéise tráchta abhann comhchuibhithe, idir-inoibritheacha agus rianúla a áirithiú ar fud ghréasán uiscebhealaí intíre na hEorpa.

Leis an ngníomh atá beartaithe, ní dhéantar creat institiúideach Coinbhinsiún Mannheim a fhorlíonadh ná a leasú. Dá bhrí sin, is é Airteagal 218(9) CFAE is bunús dlí nós imeachta don chinneadh atá beartaithe.

### 2.5. Bunús dlí substainteach

Baineann príomhchuspóir agus príomhábhar an ghnímh atá beartaithe leis an gcomhbheartas iompair.

Dá bhrí sin, is é Airteagal 91(1) CFAE bunús substainteach dlí an chinnidh atá beartaithe.

### 2.6. Conclúid

Is é an bunús dlí ba cheart a bheith leis an gcinneadh atá beartaithe Airteagal 91(1) CFAE i gcomhar le hAirteagal 218(9) CFAE.

2026/0262 (NLE)

Togra le haghaidh

**CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Choiste Eorpach um ullmhú Caighdeán i réimse na Loingseoireachta Intíre (CESNI) agus sa Lárchoimisiún um Loingseoireacht ar an Réin (LCLR) maidir le glacadh an Chaighdeáin Eorpaigh lena leagtar síos Ceanglais Theicniúla le haghaidh soithí Loingseoireachta Intíre (ES-TRIN 2027/1), an Chaighdeáin Eorpaigh maidir le Seirbhísí Faisnéise Tráchta Abhann (ES-RIS 2027/1) agus dréachtleasaithe ar na Rialacháin maidir le Cigireacht ar Shoithí ar an Réin**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 91(1), i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An Coinbhinsiún athbhreithnithe um Loingseoireacht na Réine an 17 Deireadh Fómhair 1868, arna leasú leis an athbhreithniú an 20 Samhain 1963, a tháinig i bhfeidhm an 14 Aibreán 1967 (‘an Coinbhinsiún’). Leis an gCoinbhinsiún, coinnítear ar bun an Lárchoimisiún um Loingseoireacht ar an Réin (‘LCLR’) agus an córas le haghaidh loingseoireacht intíre ar an Réin a bunaíodh in 1815. Faoi chuimsiú LCLR, bunaíodh an Coiste Eorpach um ullmhú caighdeán i réimse na loingseoireachta intíre (‘CESNI’)
an 3 Meitheamh 2015 chun caighdeáin theicniúla a fhorbairt le haghaidh uiscebhealaí intíre i réimsí éagsúla, go háirithe maidir le soithí, teicneolaíocht faisnéise agus criú.

(2) De bhun Airteagail 22 agus 23 den Choinbhinsiún, féadfaidh LCLR rúin cheangailteacha a ghlacadh lena mbunófar ceanglais theicniúla le haghaidh soithí uiscebhealaí intíre i dtaca leis an loingseoireacht intíre ar an Réin. Beidh na caighdeáin atá le glacadh ag CESNI ceangailteach a luaithe a dhéanfar tagairt do na caighdeáin sin i rúin cheangailteacha ábhartha LCLR.

(3) Faoin gCoinbhinsiún, féadfaidh LCLR a chreat rialála a bhaineann le seirbhísí faisnéise tráchta abhann (‘RIS’) a mhodhnú trí thagairt a dhéanamh do na caighdeáin arna nglacadh ag CESNI agus trí na caighdeáin sin a dhéanamh sainordaitheach faoi chuimsiú chur i bhfeidhm an Choinbhinsiúin.

(4) Ag an seisiún a bheidh ag CESNI an 16 Deireadh Fómhair 2026, tá sé leis an gCaighdeán Eorpach cothrom le dáta lena leagtar síos Ceanglais Theicniúla le haghaidh soithí Loingseoireachta Intíre 2027/1 (‘ES-TRIN 2027/1’) agus an Caighdeán Eorpach maidir le Seirbhísí Faisnéise Tráchta Abhann 2027/1 (‘ES-RIS 2027/1’) a ghlacadh. Tar éis an ghlactha sin, ag an seisiún iomlánach a bheidh ag LCLR an 3 Nollaig 2026, tá sé beartaithe aige rúin a ghlacadh lena leasaítear a chreat rialála, go háirithe na Rialacháin maidir le Cigireacht ar Shoithí ar an Réin agus Rialacháin na bPóilíní maidir le Loingseoireacht ar an Réin, chun tagairt a dhéanamh

do ES-TRIN 2027/1 agus ES-RIS 2027/1. Tá ES-TRIN 2027/1 agus ES-RIS 2027/1 le cur in ionad ES-TRIN 2025/1 agus ES-RIS 2025/1 dá réir sin.

(5) Le ES-TRIN 2027/1, leagtar síos ceanglais theicniúla aonfhoirmeacha atá riachtanach chun sábháilteacht soithí uiscebhealaí intíre a áirithiú. Áirítear ann forálacha maidir leis an longthógáil, an feistiú agus trealamh le haghaidh soithí uiscebhealaí intíre, forálacha speisialta maidir le catagóirí sonracha soithí amhail soithí paisinéirí, conbhuanna a bhrúitear agus soithí coimeádáin, forálacha maidir le trealamh an chórais aitheantais uathoibríoch, forálacha maidir le haitheantas soithigh, samhail de na deimhnithe agus samhail den chlár, agus forálacha idirthréimhseacha chomh maith le treoracha maidir leis an gcaighdeán teicniúil a chur i bhfeidhm.

(6) Má ghlactar ES-TRIN 2027/1, beidh éifeachtaí dlíthiúla aige do na Ballstáit ar páirtithe iad sa Choinbhinsiún agus beidh tionchar cinntitheach aige ar ábhar rialacha an Aontais. De bhun Airteagail 31 agus 32 de Threoir (AE) 2016/1629, déanfaidh an Coimisiún an tagairt don leagan is déanaí de chaighdeán ES-TRIN a thabhairt cothrom le dáta, gan moill mhíchuí, agus dáta a chur i bhfeidhm a shocrú, ar choinníoll, i gcomhréir le hAirteagal 31(2) den Treoir sin, nach gcuirfear leasanna an Aontais i mbaol de bharr athruithe ar phróiseas cinnteoireachta CESNI.

(7) Le ES-RIS 2027/1, leagtar síos sonraíochtaí teicniúla aonfhoirmeacha agus caighdeáin theicniúla aonfhoirmeacha chun tacú le seirbhísí faisnéise tráchta abhann agus chun a n-idir-inoibritheacht a áirithiú. Leis na sonraíochtaí teicniúla agus na caighdeáin faoi ES-RIS 2027/1, tugtar sonraíocht le haghaidh córas taispeána cairteacha leictreonacha agus faisnéise um loingseoireacht intíre, tuairisciú leictreonach long, fógraí do scipéirí, córais rianaithe agus lorgaireachta soithí agus comhoiriúnacht an trealaimh is gá chun RIS a úsáid.

(8) Tagraíonn Treoir 2005/44/CE, arna leasú le Treoir (AE) 2025/2482, don eagrán is déanaí de ES-RIS arna ghlacadh ag CESNI.

(9) Má ghlactar ES-RIS 2027/1, beidh éifeachtaí dlíthiúla aige do na Ballstáit ar páirtithe iad sa Choinbhinsiún agus beidh tionchar cinntitheach aige ar ábhar rialacha an Aontais.

(10) Tá coinne leis go nglacfaidh LCLR rúin lena leasófar Rialacháin LCLR chun tagairt do ES-TRIN 2027/1 agus do ES-RIS 2027/1 a áireamh, ag seisiún iomlánach a bheidh ann go luath. Beidh an leasú sin ceangailteach faoin dlí idirnáisiúnta i gcomhréir le hAirteagail 1 agus 22 den Choinbhinsiún.

(11) Tá sé beartaithe freisin, ag an seisiún iomlánach a bheidh ag LCLR i mí na Nollag 2026, nó ag seisiún iomlánach ina dhiaidh sin, go leasóidh sé na Rialacháin maidir le Cigireacht ar Shoithí ar an Réin, chun córas rialála na Réine a ailíniú le hAirteagal 19 de Threoir (AE) 2016/1629. Tá coinne leis go dtabharfar isteach leis an leasú sin oibleagáidí lena gceanglaítear sonraí ábhartha a bhaineann le soithí a bhfuil deimhnithe acu arna n-eisiúint i gcomhréir leis na Rialacháin maidir le Cigireacht ar Shoithí ar an Réin a tharchur chuig an mBunachar Sonraí Eorpach maidir le Cabhlacha (‘BSEC’), arna choinneáil ar bun ag an gCoimisiún, agus beidh éifeachtaí dlíthiúla aige, má ghlactar é, do na Ballstáit ar páirtithe iad sa Choinbhinsiún.

(12) Chun an leibhéal sábháilteachta is airde i réimse na loingseoireachta intíre a éascú, chun an éabhlóid theicniúil san earnáil sin a leanúint agus chun comhoiriúnacht na gceanglas le haghaidh soithí agus comhoiriúnacht na seirbhísí faisnéise tráchta abhann san Eoraip a áirithiú, tá sé tábhachtach go mbeidh na ceanglais theicniúla le haghaidh

soithí agus seirbhísí faisnéise tráchta abhann chomh comhchuibhithe agus is féidir faoi chórais dhlíthiúla éagsúla san Eoraip.

(13) Dá bhrí sin, is iomchuí an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais in CESNI agus in LCLR agus ag seisiún iomlánach LCLR maidir leis an leasú ar na Rialacháin maidir le Cigireacht ar Shoithí ar an Réin a bhunú.

(14) Tá seasamh an Aontais le cur in iúl ag Ballstáit an Aontais ar comhaltaí iad de CESNI agus LCLR, ag gníomhú dóibh go comhpháirteach chun leas an Aontais.

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

1. Is é an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais laistigh de CESNI maidir le ES-TRIN 2027/1 agus ES-RIS 2027/1 a ghlacadh, aontú lena nglacadh.

2. Is é an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais laistigh de LCLR tacú leis na tograí uile lena ndéantar Rialacháin LCLR a ailíniú le ES-TRIN 2027/1 agus ES-RIS 2027/1.

3. Is é an 1 Eanáir 2028 dáta infheidhmeachta ES-TRIN 2027/1 agus ES-RIS 2027/1.

4. Is é an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais in LCLR, tacú leis an leasú ar na Rialacháin maidir le Cigireacht ar Shoithí ar an Réin chun iad a ailíniú le forálacha Airteagal 19 de Threoir (AE) 2016/1629.

*Airteagal 2*

1. Is iad Ballstáit an Aontais ar comhaltaí iad de CESNI, ag gníomhú dóibh go comhpháirteach chun leas an Aontais, a chuirfidh an seasamh a leagtar amach in Airteagal 1(1) agus Airteagal 1(3) in iúl.

2. Is iad Ballstáit an Aontais ar comhaltaí iad de LCLR, ag gníomhú dóibh go comhpháirteach chun leas an Aontais, a chuirfidh na seasaimh dá dtagraítear in Airteagal 1(2) agus Airteagal 1(4) in iúl.

*Airteagal 3*

Féadfar teacht ar chomhaontú maidir le mionathruithe teicniúla ar na seasaimh a leagtar amach in Airteagal 1 gan cinneadh eile ón gComhairle.

*Airteagal 4*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*